C/2026/5268

9.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12475 — AMPLIFON / GN HEARING)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5268)

1. An 1 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Amplifon S.p.A. ('Amplifon', an Iodáil), faoi rialú deiridh aonair Bhean Uasal Susan Carol Holland,

— GN Hearing A/S ('Hearing GN', an Danmhairg), faoi rialú aonair GN Store Nord A/S.

Gheobhaidh Amplifon rialú aonair ar GN Hearing de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Amplifon speisialtóireacht ar fud an domhain i ndáileadh miondíola, feistiú agus pearsantú áiseanna éisteachta agus seirbhísí cúraim éisteachta gaolmhara,

— Is monaróir agus dáileoir mórdhíola domhanda áiseanna éisteachta é GN Hearing, le díolacháin, lasmuigh de LEE den chuid is mó, i mbreis agus 100 tír ar fud an domhain faoi bhrandaí dílseánaigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12475 — AMPLIFON / GN HEARING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').